

An Curaclam Teanga Bunscoile nua don Bhéarla agus don Ghaeilge - naíonáin shóisearacha go dtí an dara rang

Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Tá athrú ag teacht ar Churaclam na Bunscoile. Is garr go mbeidh do leanbh ag úsáid Curaclam Teanga nua don **Bhéarla** agus don **Ghaeilge**.



Cé dó a bhfuil an Curaclam Teanga nua?

Is do gach leanbh atá an curaclam nua don Bhéarla agus don Ghaeilge, ó naíonáin shóisearacha go dtí an 2ú rang i ngach uile scoil - scoileanna ina dteagasctar trí Bhéarla, scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna speisialta.

Cén fáth a bhfuil Curaclam Teanga nua ann?

Tá an curaclam á athrú le go mbeidh sé cothrom le dáta agus le go léireofar ann saol an lae inniu, forbairtí ó thaobh na foghlama teanga de agus blianta Réamhscoile Saor in Aisce. Ó tugadh an curaclam deireanach isteach sa bhliain 1999, tá athrú ollmhór tagtha ar an tsochaí agus ar phobail, agus ar thimpeallacht foghlama do linbh chomh maith. Deir múinteoir go bhfuil tuilleadh teorach ag teastáil uathu ar na bealaí is fearr le cabhrú le leanaí lena gcuid foghlama teanga. Tá i bhfad níos mó ar eolas againn sa lá atá inniu ann a bhfuil le taighde faoin gcaoi a bhfoghlaímíonn leanaí cén chaoi labhairt, léamh agus scríobh agus faoin gcaoi ar féidir linn cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh ar bhealaí a oireann go maith dá gcuid riachtanais foghlama.

Céard iad na difríochtaí idir an Curaclam Teanga nua agus an ceann a tugadh isteach sa bhliain 1999?

Tá an curaclam nua struchtúrtha ionas go mbeidh sé níos éasca don mhúinteoir tacú leis an leanbh Gaeilge agus Béarla araon a fhoghlaim. Mar thuismitheoir, is í an difríocht is mó a thabharfaidh tú faoi deara ná *an chaoi* a bhfoghlaimeoidh do leanbh an dá theanga ar scoil. Sna blianta amach romhainn, beidh neart deiseanna ag do leanbh labhairt, tuairim a nochtadh agus smaointe a chur in iúl sa seomra ranga.

- Tá béim leagtha sa churaclam ar an tábhacht a bhaineann le leanaí a gcuid scileanna teanga ó bhéal a fhorbairt, mar aon lena bheith in ann léamh agus scríobh.
- Tabharfar tacaíocht do do leanbh dul chun cinn a dhéanamh sa teanga ó bhéal, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht ar leibhéal agus ar luas a oirfidh dó. Tacóidh an Curaclam Teanga nua le leanaí a bhfuil láidreachtaí agus riachtanais foghlama dhifriúla acu.
- Tarlóidh an chuid is mó d'fhoghlaim do linbh, go háirithe i ranganna naíonáin, tríd an súgradh agus trí ghníomhaíochtaí spráilúla lena chuid cairde agus leis an múinteoir sa seomra ranga. Cabhróidh sé sin leis an leanbh cur leis an teanga a d'fhoghlaim sé sna blianta réamhscoile, bunaithe ar *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*.
- Tuigfidh do leanbh na naisc atá ann idir an Ghaeilge agus an Béarla agus gur féidir leis leas a bhaint as a bhfoghlaímíonn sé i dteanga amháin sa teanga eile.

Ar an iomlán, tacóidh an Curaclam Teanga nua leis an múinteoir eispéiris foghlama teanga a chur ar fáil do na leanaí ar fad, rud a chabhróidh leo barr a gcumais a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon.



Cén chaoi a gcabhróidh an Curaclam Teanga le mo leanbh Gaeilge a fhoghlaim?

Tacóidh an Curaclam Teanga nua le do leanbh Gaeilge a fhoghlaim ar luas a oireann dó.

I gcás scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna, is rogha leo teagasc trí mheán na Gaeilge ó thús deireadh an lae scoile go dtí deireadh na naíonán sinsearach. Ina leithéid de chásanna, tosóidh do leanbh ag foghlaim Béarla ar scoil i ndiaidh na tréimhse sin. Téann scoileanna i ndáil chomhairle le tuismitheoirí agus le boird bhainistíochta le cinneadh den sórt sin a dhéanamh. I gcás scoileanna ina dteagasctar trí mheán an Bhéarla, spreagfar do leanbh chun Gaeilge a úsáid le linn ceachtanna Gaeilge agus i rith an lae scoile.

Tá tacaíocht le fáil ar an láithreán gréasáin thíos le cabhrú leatsa agus le do leanbh Gaeilge a úsáid sa bhaile.

An bhfuil athrú le teacht ar an gcuid eile de Churaclam na Bunscoile?

Tá, déanfar athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile ina iomlán sna blianta amach romhainn. Tá obair ar bun cheana féin ar Churaclam Teanga nua do leanaí ón 3ú rang go dtí an 6ú rang.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Tá an Curaclam Teanga nua don Bhéarla agus don Ghaeilge le fáil ag www.curriculumonline.ie.

Tá físeáin ann ina dtugtar tús eolais ar an gCuraclam, chomh maith le hábhair eile ina gcuirtear faoi chaibidil gnéithe éagsúla den fhoghlaim agus den teagasc teanga.

Cén chaoi ar féidir liom tacú le mo leanbh sa bhaile?

Mar thuismitheoir nó chaomhnóir, is féidir leat do leanbh a spreagadh chun labhairt faoi nithe a bhfuil suim aige iontu agus spraoi a bheith aige le rudaí a léamh agus a scríobh. Tá san áireamh sa churaclam ar líne mír a dtugtar Ábhar Tacaíochta uirthi. Cé go bhfuil an chuid is mó den ábhar sin dírithe ar obair ranga, b'fhéidir go mbeadh rud nó dhó úsáideach duit sa bhaile. Ina mheasc tá neart comhairle, grianghraf agus físeán praiticiúil maidir le cén chaoi a bhféadfá tacú le do leanbh mar a fhoghlaimíonn sé cén chaoi labhairt, léamh agus scríobh, mar aon le tacú leis spraoi a bheith aige agus é ag labhairt faoi roinnt mhaith ábhar difriúil.

